

Leasú 472

Miapetra Kumpula-Natri, Mauri Pekkarinen, Elsi Katainen, Robert Hajšel, Pirkko Ruohonen-Lerner, Rovana Plumb, Eero Heinäluoma, Teuvo Hakkarainen, Dan Nica, Henna Virkkunen, Nicola Danti, Petri Sarvamaa, Mercedes Bresso, Patrizia Toia, Martin Hlaváček, Nicola Procaccini, Pietro Fiocchi, Raffaele Stancanelli, Carlo Fidanza, Sergio Berlato, Chiara Gemma, Vincenzo Sofò, Franco Roberti, Helène Fritzon, Francesca Peppucci, Ilan De Basso, Massimiliano Salini, Marek Paweł Balt, Alessandra Mussolini, Stefania Zambelli, Erik Bergkvist, Lara Comi, Fulvio Martusciello, Tsvetelina Penkova, Ulrike Müller, Lucia Vuolo

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD)

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(19) ciallaíonn ‘pacáistíocht ilchodach’ aonad pacáistíochta atá comhdhéanta de dhá ábhar éagsúla nó níos mó, seachas ábhair a úsáidtear le haghaidh lipéad, dúntóirí agus séalú, nach féidir a scaradh de láimh agus ar aonad comhtháite amháin iad dá bhrí sin;

(19) ciallaíonn ‘pacáistíocht ilchodach’ aonad pacáistíochta atá comhdhéanta de dhá ábhar éagsúla nó níos mó, seachas ábhair a úsáidtear le haghaidh lipéad, ***cumhdach, líneáil, vearnaisí, péinteanna, dúch, greamachán, laicir***, dúntóirí agus séalú, ***ar ábhair iad atá ina gcuid de mheáchan an phríomhábhair pacáistíochta*** agus nach féidir a dheighilt ó chéile de láimh agus ar aonad comhtháite amháin iad dá bhrí sin, ***seachas ábhar ar leith nach bhfuil ann ach cuid gan tábhacht den aonad pacáistíochta, agus in aon chás nach mó é ná 10 % de mhais iomlán an aonaid pacáistíochta;***

Or. en

Réasúnú

Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, ba cheart a shoiléiriú sa sainmhíniú ar ‘phacáistíocht ilchodach’ gur cheart bratuithe, líneálacha agus vearnaisí a mheas mar chuid de mheáchan an phríomhábhair pacáistíochta agus nár cheart a mheas, dá bhrí sin, gur pacáistíocht ilchodach iad. Tá an sainmhíniú atá beartaithe i gcomhréir leis an sainmhíniú a cuireadh ar aghaidh sa tuairim ó Choiste AGRI (leasú 68)

Leasú 473

Miapetra Kumpula-Natri, Mauri Pekkarinen, Elsi Katainen, Robert Hajšel, Pirkko Ruohonen-Lerner, Rovana Plumb, Eero Heinäluoma, Teuvo Hakkarainen, Dan Nica, Henna Virkkunen, Nicola Danti, Petri Sarvamaa, Mercedes Bresso, Patrizia Toia, Martin Hlaváček, Nicola Procaccini, Pietro Fiocchi, Raffaele Stancanelli, Carlo Fidanza, Sergio Berlato, Chiara Gemma, Vincenzo Sofo, Franco Roberti, Heléne Fritzon, Francesca Peppucci, Ilan De Basso, Massimiliano Salini, Marek Paweł Balt, Alessandra Mussolini, Stefania Zambelli, Erik Bergkvist, Lara Comi, Fulvio Martusciello, Tsvetelina Penkova, Ulrike Müller, Lucia Vuolo

Tuarascáil**A9-0319/2023****Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD)

Togra le haghaidh Rialacháin**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 60 a (nua)***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún**Leasú*

(60 a) ciallaíonn ‘pacáistíocht phlaisteach’ pacáistíocht atá déanta go hiomlán nó den chuid is mó as plaisteach;

Or. en

Réasúnú

Chun comhlíonadh na spriocanna íosta maidir le hábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach a bheartaítear in Airteagal 7 a cheadú chomh maith leis na srianta maidir le pacáistiú a leagtar amach in Airteagal 22, ba cheart an togra le haghaidh Rialacháin a chomhlánú trí shainmhíniú ar ‘phacáistíocht phlaisteach’ a thabhairt isteach. Tá an sainmhíniú atá beartaithe i gcomhréir leis na cinn a cuireadh chun cinn i dtuairimí ITRE agus AGRI (leasuithe 6 agus 77 faoi seach).